

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadh	T62
Ainm an Agalláí	Peigí Uí Earcáin
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallachóir
Dáta an Agallaimh	6/11/2006
Suíomh an Agallaimh	Baile an Chraoslaigh
Ainm an Tras-scríbhneora	Anna Ní Pheanróis
Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.	

(gáire)

(sos)

(--)

`_____`

`_____`+'

....

[]

Tosach lochtach

Focal dothuigthe

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

Beirt ag caint ag an am amháin

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: Inis seo domh, rachaidh muid ar ais bomaite go dtí do bhaile arís, bhí tú ag rá, bhí scéal iontach maith agat fá nuair a thioctadh na saighdiúirí ag quartú teach s'agaibh. Bhí siad ag quartú gunnaí, inis an scéal sin domh fá caidé a dhéanfadh d'athair ansin.

PEIGÍ: Bhuel, chonaic siad, `_____`+' ar ais ag quartú na gunnaí *now but* `_____` a fháil, char bhfuair siad ariamh é. *But* bhí, bhí *auntie* de m'athair ina cónaí, sin baile s'aicise a bhí ann, chuaigh m'athair suas ansin aici nuair a bhí sé óg agus d'fhan sé aici agus bhí, ghearr sé píosa amach as an leaba, colbha na leapa le, istigh i gcois an bhalla sa dóigh nach agus rachadh sé, rachadh sé fá choinne an ghunna agus chuir sé isteach ansin í. Agus thioctadh siadsan, ó chuardaigh siad achan, achan choirnéal sa, sa teach leis an, na bóithigh agus achan áit agus taobh amuigh thart, thart fan teach `_____`+' *but* chan fhuair siad ariamh é agus tharraing siad amach an leaba ón bhalla fosta is.

DÓNALL: Ní bhfuair siad an gunna.

PEIGÍ: Chan fhuair siad an gunna ariamh, *aye*. Seomra na luí, tharraing siad amach é fosta *so but* chan fhuair siad an gunna ariamh, *aye*. (Gáire)

DÓNALL: (Gáire)

PEIGÍ: Nuair a d'imeodh siad ansin ba ghnách le, ba ghnách le m'athair an gunna a thabhairt amach agus urchar a scaoileadh ansin. (Gáire)

DÓNALL: (Gáire) Le trean droch rud agus thioctadh siad ar ais ag cuartú creidim?

PEIGÍ: Cha dtiocfadh ansin, cha dtiocfadh go gasta. Am inteacht eile ansin, cibé am ina dhiaidh thioctadh siad ar ais ansin agus siúl amach ag cuartú achan áit agus dá bhfaighidh siad uibheacha ar bith, bhéarfadh siad leofa na uibheacha ná rud ar bith a gheobhadh siad amuigh. Cha raibh mórán ann, sílim ag an am uilig ach uibheacha cibé. Leofa na uibheacha as faoi an chearc ghoir agus achan rud eile. (gáire)

DÓNALL: Bhéarfadh siad leofa na uibheacha?

PEIGÍ: Bhéarfadh, *aye*.

DÓNALL: Agus an bhfágfadh siad an teach garbh ansin, an mbeadh siad cineál garbh, ancaílte go leor ná?

PEIGÍ: Ach bheadh, *aye*, bheadh, bheadh siad, *aye*. *But* creidim nach raibh an oiread sin rudaí in sa teach le, an oiread sin '____' le déanamh acu. Chan fhuair siad a dhath cibé.

DÓNALL: (Gáire)

DÓNALL: Bhfuil a fhios agat anois a Pheigí, na cúpla teach sin agus sibh ag siúl anuas na scoile, Gaeilge uilig a bhí agaibh an bé?

PEIGÍ: Gaeilge uilig a bhí ag achan duine, Gaeilge a labhair achan duine anoir is soir na scoile fosta, ar an bhealach na scoile agus ar ais, gaeilge a labhair achan duine, *aye*.

DÓNALL: Nach mór a d'ímigh sí a Pheigí.

PEIGÍ: Á, d'ímigh sí ar fad cinnte, *aye*. Bhuel sin an rud a bhí ann in léir de na tithe, tháinig daoine coimhthíoch isteach nach raibh Gaeilge ar bith acu.

DÓNALL: Cén dóigh sin, an rud ar phós siad isteach ann?

PEIGÍ: Sea, *mmm*. *So*, bheadh sé, '____' nár chuidigh sin. *But* áit ar bith a raibh Gaeilge, daoine an tí, labhair siad an Ghaeilge, cinnte, *aye*. Bhí achan duine, nuair a bhí mise ag gabháil na scoile, sé Gaeilge a labhair achan duine. Agus rinne, anoir agus soir na scoile fosta agus Gaeilge a labhair muid ag an scoil is achan rud eile. *But* ansin na daoine a tháinig anuas ón baile mór, anuas ó baile an Chraoslach, cha raibh Gaeilge ar bith acusan.

DÓNALL: *No*.

PEIGÍ: Cha raibh Gaeilge ar bith acusan.

DÓNALL: *No, no*, sé béarla uilig a bheadh siad sin.

PEIGÍ: Béarla a bhí acusan, sé. *Aye*.

DÓNALL: *So* creidim go dtáinig brú an bhéarla go díreach ar achan choirnéal ansin *you know*.

PEIGÍ: Sea.

DÓNALL: Agus sin an dóigh ar, sin an dóigh ar imigh an teanga. Níl mórán cainteoirí dúcháis anois fágtha ar an Chraoslach a Pheigí, an bhfuil?

PEIGÍ: Níl. Ó níl cainteoir ar bith fán Chraoslach, níl ar chorr ar bith. Cha shílim go labhraíonn duine ar bith Gaeilge anois, daoine a raibh Gaeilge acu a mbíonn ag caint le daoine a ba ghnách leofa Gaeilge a labhairt, cha labhraíonn siad Gaeilge anois ar chorr ar bith, sé béarla a labhraíonn siad. Cosúil le seandaoine tuairimse ar thart fá m'aois féin.

DÓNALL: Sea.

PEIGÍ: Agus mar sin, béarla a labhraíonn siad.

DÓNALL: Ach is maith a choinnigh tú do theanga Gaeilge a Pheigí.

PEIGÍ: Ó is fearr liomsa an Ghaeilge i bhfad, cinnte, is fearr liom i bhfad an Ghaeilge.

DÓNALL: *But* níl aon duine ann le í a labhairt léithe?

PEIGÍ: Bhuel labhraímse liom in sa teach anseo i rith an ama le bean ar bith a bhfuil Gaeilge acu, labhraím an Ghaeilge, *aye*. Le mo theaghlach féin, sé Gaeilge a labhraím i rith an ama.

DÓNALL: Agus tuigeann siad tú agus?

PEIGÍ: Ó tuigeann cinnte, ó sin bíonn na páistí beaga anseo cuid den am, labhraím Gaeilge leofasan fosta, *so*. *But*, cha, cha thuigeann siadsan mé (gáire) *but* abraím rudaí

leofa i nGaeilge fosta. *Á*, sílim gur, sílim gur sin a rud go díreach, daoine coimhthíoch ag teacht isteach nach raibh Gaeilge ar bith acu gur sin, '____' ansin do.

DÓNALL: Scrios sin an teanga , mharaigh se an teanga.

PEIGÍ: *Aye, aye.* Mharaigh se an teanga cinnte, *aye.*

DÓNALL: *Á*, bhuel, níl neart air a Pheigí, an bhfuil?

PEIGÍ: Níl neart air ar chorr ar bith, níl. Níl. *Just*, is trua gur sin an dóigh atá sé. Sin *just* é.

DÓNALL: Bhuel sin é a Pheigí.

PEIGÍ: *Mmm.*

DÓNALL: Bhuel a chailleach, go raibh míle maith agat ar shon do chuid ama, b'éigean domh a chur in gcúl seachtain ach nach cuma.

PEIGÍ: *Á*, amaidí.

DÓNALL: Go raibh maith agat a Pheigí.
